
LÍONRA TAISTIL GHNÍOMHAIGH CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

# Ascaill Vernon go dtí Bóthar Chluain Tarbh


## Scéim Taistil Ghníomhaigh



### COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ

**An 10 Meitheamh - An 10 Iúil 2026**

**Imeacht Eolais:**
**Dé Máirt, 23 Meitheamh, 3-7pm, Club CLG Chluain Tarbh**




## FORBHREATHNÚ AR AN TIONSCADAL

Tá sé d'aidhm ag Scéim Taistil Ghníomhaigh Ascaill Vernon go Bóthar Chluain Tarbh saoráidí siúil agus rothaíochta a fheabhsú feadh Ascaill Vernon. Clúdóidh an scéim 600 méadar, ó acomhal Bhóthar Ghort na Mara le hAscaill Vernon go cladach Bhóthar Chluain Tarbh.

Tá spás pobail nua suntasach beartaithe ar an taobh theas d'Ascaill Vernon ag an acomhal le Bóthar Chluain Tarbh.

Tá rannpháirtíocht phobail á lorg ag CCBÁC le haghaidh moltaí reatha na scéime.




Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

# Amlíne

| R2 2026 | R3/Q4 2026 | 2027 |
|---|---|---|
| Comhairliúchán Poiblí Neamhreachtúil | Dearadh agus Soláthar Mionsonraithe | Tús na Tógála (measta) |

## Cén fáth a bhfuil an obair seo á déanamh againn?

Cén fáth a bhfuil an obair seo á déanamh againn?

Táimid ag iarraidh Ascaill Vernon a fheabhsú do gach úsáideoir an spáis. Tá sé de chuspóir againn é a dhéanamh níos sábháilte, níos éasca agus níos deise do dhaoine siúl, brú nó rothaíocht agus cuma agus atmaisféar Shráidbhaile Chluain Tarbh a fheabhsú ag an am céanna.

Tá sé mar phríomhchuspóir croílár a chruthú do Shráidbhaile Chluain Tarbh ag an taobh theas d'Ascaill Vernon. Beartaímid spás pobail nua a sholáthar ó Pháirc Chluain Tarbh go Bóthar Chluain Tarbh. Cruthóidh sé sin plás cathrach bríomhar don phobal.

Tá an scéim seo mar chuid de Líonra Taistil Ghníomhaigh Chathair Bhaile Átha Cliath.


## Cad iad na feabhsuithe a bheidh i gceist leis an scéim seo?

Tá sé de chuspóir ag an scéim seo sráid níos sábháilte, níos bríomhaire agus bunaithe ar dhaoine a chur ar fáil trí na hathruithe seo a leanas a dhéanamh:

- **Sráid 'ilthráchta'** ar Ascaill Vernon ó Bhóthar Ghort na Mara go Páirc Chluain Tarbh, ar a bhféadfaidh rothaithe an bealach a roinnt le trácht feithiclí
- **Socrú 'tréscaoilteachta scagtha'** ó Pháirc Chluain Tarbh go Bóthar Chluain Tarbh le rothaithe agus coisithe amháin sa limistéar sin
- **Feabhsuithe logánta ar spáis phobail** le háiteanna chun scíth a ligean, beartas glasaíochta agus deiseanna chun béilí a ithe faoin spéir
- **Saoráidí coisithe feabhsaithe** a bhfuil trasrian síogach san áireamh ag Nolan's agus 'cosán leanúnach' gan chéim ag an taobh theas d'Ascaill Vernon
- **Nasc feabhsaithe le Promanád Chluain Tarbh agus leis an gcarrchlós** ar an taobh theas de Bhóthar Chluain Tarbh le huasghrádú iomlán ar an acomhal ag Bóthar Chluain Tarbh
- **Nascacht fheabhsaithe** ar Bhealach an Chósta Thoir ar an taobh theas agus ar Bhóthar Ghort na nGrás go Scéim Taistil Ghníomhaigh Ascaill Vernon ar an taobh thuaidh

Bainfear roinnt de na spásanna páirceála leis na feabhsuithe sin a éascú.






# Léaráidí ealaíontóra na scéime




**Radharc ag breathnú ó dheas feadh Ascaill Vernon ag taispeáint sráid 'trácht measctha'**




**Radharc ag breathnú ó dheas feadh Ascaill Vernon ag taispeáint tús an tsocraithe 'tréscaoilteachta scagtha'**

## Cad é cuspóir an chomhairliúcháin phoiblí seo?

Chun chluas a thabhairt do thuairimí daoine agus a ndearcadh a fháil ar an scéim atá beartaithe, tá comhairliúchán poiblí á reáchtáil ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ón:

**10 Meitheamh – 10 Iúil 2026**

Cuirimid fáilte roimh gach aiseolas a fhaighimid ón bpobal agus cuirfidh muid na tuairimí seo ar fad san áireamh nuair a dhéanaimid tuilleadh forbartha ar an ndearadh.

Foilseofar Tuarascáil Comhairliúcháin Phoiblí ar leathanach gréasáin na scéime: **www.dublincity.ie/vernonave**

## Conas dul i mbun Rannpháirtíochta

Chun aighneacht a dhéanamh maidir leis an scéim seo, féach ar na roghanna thíos le do thoil:

**engage.dublincity.ie**

**Activetraveloffice@dublincity.ie** le líne ábhair:
Ascaill Vernon go Scéim Taistil Ghníomhaigh Bhóthar Chluain Tarbh

Oifig Chlár Thaistil Ghníomhaigh, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Teach Cavendish, Bloc D, Cúirt Árann, Cé Árann, D07 H5C

## Breis eolais

Le haghaidh nuashonruithe faoin scéim amach anseo, is féidir leat clárú le Foláirimh CCBÁC: **alerts.dublincity.ie/activetravel-public**

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn ar: **(01) 222 2536**

Tá líníochtaí agus íomhánna an dearaidh ar fáil ag: www.dublincity.ie/vernonave
Beidh siad ar taispeáint le linn na tréimhse comhairliúcháin freisin ag:

- Leabharlann Ráth Eanaigh, D05 VY99
- Leabharlann Marino, D03 VW10

DÉAN SCAN ORM

Bíodh do Chead Cainte agat!
engage.dublincity.ie

**Ócáid Eolais Phoiblí**
Suíomh: Áras Chumann CLG Chluain Tarbh, Bóthar Ghort na Mara Thiar, D03 Y6V3
Dé Mairt, an 23 Meitheamh 2026, 3-7pm

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council